Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Fhoghlaim Thascbhunaithe i dTeagasc agus i Sealbhú na Gaeilge

EFG Gaeilge T2 2024/25

CC BY NC


Oide

# Struchtúr an Lae

9:15 – 11:00

11:20 – 1:00

2:00 – 3:45



**Sos**

11:00 – 11:20

**Lón**

1:00 – 2:00

Oide

# Ag Tacú leis an bhFoghlaim - Padlet




https://tinyurl.com/EFGT224

# Deilbhíní in Úsáid sa Chur i Láthair seo

Straitéis Teagaisc agus Foghlama

Ábhar an Padlet

Deis Mhachnaimh


Obair Ghrúpa

Obair Aonair

Taifead

Nótaí le breacadh

# Bristeoir Oighir



- I d’aonar, roghnaigh íomhá a mhúsclaíonn do shuim.
- I mbeirteanna, pléigí na cúiseanna gur mheall an íomhá seo do shuim.

Oide

# Intinní Foghlama

Ag deireadh na ceardlainne beidh tuiscint níos doimhne againn:

- ar an bhFoghlaim Thascbhunaithe agus na tréithe a bhaineann léi chun scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn
- ar choinníollacha ranga atá ag teastáil don fhoghlaim teanga

# Intinní Foghlama

Ag deireadh na ceardlainne beidh tuiscint níos doimhne againn:

- ar conas tabhairt faoi na trí chéim (réamhthasc, le linn taisc, iarthasc) a bhaineann leis an bhFoghlaim Thascbhunaithe agus an tábhacht a bhaineann le teanga an ranga a fhorbairt go céimneach
- ar thábhacht an mheasúnaithe fhoirmithigh le scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn

# Intinní Foghlama

Ag deireadh na ceardlainne beidh tuiscint níos doimhne againn:

- ar thábhacht an aiseolais cheartaithigh chun feasacht teanga na scoláirí a chothú agus iad i mbun Foghlama Tascbhunaithe
- ar conas tasc a dhearadh ó thus deireadh le comhthéacs agus rang-ghrúpa curtha san áireamh

# Intinní Foghlama

Ag deireadh sheisiún a haon, beidh tuiscint níos doimhne againn:

- ar an bhfoghlaim thascbhunaithe agus na tréithe a bhaineann léi chun scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn
- ar choinníollacha ranga atá ag teastáil don fhoghlaim teanga.

# Cáipéisí Oifigiúla a thugann treoir

Oide

‘Is féidir Gaeilge a fhoghlaim ar bhealach níos fearr trí **rannpháirtíocht níos gníomhaí le tascanna**’.

(R.O. 2020, Tuarascáil an Phríomhchigire, lch 131)

‘Forbraíonn an scoláire na scileanna agus inniúlachtaí trí bheith páirteach **i dtascanna idirghníomhacha cumarsáideacha**’. (R.O. 2023, Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, lch 16)




‘Glacann na scoláirí páirt i **ngníomhaíochtaí foghlama bríocha** ar bhealach a bhfuil cuspóir leis’. (R.O. 2022, Ag Breathnú ar an Scoil Againne, lch 25)

# Contanam na Foghlama





Aistear




Curaclam na Bunscoile

An tSraith Shinsearach




An tSraith Shóisearach


# Tuiscint ar an bhFoghlaim Thascbhunaithe (FTB)

Cad é do thuiscint ar an bhFoghlaim Thascbhunaithe?

Roinnfimid léargais

# Léargas ó Shaineolaí Idirnáisiúnta






An tOllamh Martin East,

Ollscoil Auckland

(Ón bPodchraoladh 'Sponge Chats')

Cad a ritheann leat ón méid atá ráite ag Martin East faoin bhFTB?

Gné amháin a chuaigh i bhfeidhm orm.

# Cad is Tasc Ann?

> Is éard is tasc ann ná gníomhaíocht éigin ar cheart d'fhoghlaimeoirí a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga.
>
> (Flynn, 2021, lch. 118)

# Cén Fáth a n-Úsáideann Foghlaimeoirí Teanga?

Oide

Úsáideann foghlaimeoirí teanga chun toradh réadúil a chomhlíonadh.

(Willis, 1996, lch. 2)

# Cad í an Aidhm atá le Tasc?

“An aidhm a bhíonn le tasc teanga ná teanga a bhfuil cosúlacht dhíreach nó indíreach aici le teanga an fhíorshaoil a úsáid.”

(Ellis, 2003, lch. 64)

# Léargas ó Shaineolaí Éireannach



Breac síos na difríochtaí idir gníomhaíocht teanga agus tasc (FTBT), atá luaite ag Pearse.

Pearse Ahern

Ollamh Cúnta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Léargas ar an bhFoghlaim Thascbhunaithe

*le Pearse Ahern*

CC BY NC

# Tascanna Coitianta i bhFoghlaim Teanga

Tascanna:

- toraíocht taisce
- cluiche 'cé mise?'
- pictiúr a tharraingt droim le droim
- rangú a dhéanamh
- ceistneoir a líonadh
- cur i láthair
- eile?

Breac síos samplaí de thascanna coitianta a úsáidtear i bhfoghlaim teanga.

Cleachtaí:

- cluastuiscint
- líon na bearnaí
- léamhthuiscint
- meaitseáil focal
- cleachtadh gramadaí
- crosfhocail
- eile?

# Tascanna agus Torthaí Foghlama

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire

- 1.11 Teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl
- 1.14 Taitneamh a bhaint as a bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire

- 2.3 pátrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail srl a aithint agus a úsáid
- 2.9 a aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire

- 3.2 úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach
- 3.4 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn

# Turas chuig Ceolchoirm

Tá turas le pleanáil chun freastal ar cheolchoirm. I ngrúpaí, déanaigí liosta de na sonraí atá ag teastáil chun an plean a chur i gcrích. Mar shampla: láthair na ceolchoirme, fáil agus costas ar na ticéid, cúrsaí taistil, cúrsaí bia 7rl. Tógaigí sonra(í) ar leith an duine le fiosrú. An sprioc leis an tasc seo ná go mbeadh oraibh bhur gcuid pleananna a roinnt leis an rang i bhur rogha formáide.


Oide

Turas chuig Ceolchoirm

Tá turas le pleanáil chun freastal ar cheolchoirm. I ngrúpaí, déanaigí liosta de na sonraí atá ag teastáil chun an plean a chur i gcrích. Mar shampla: láthair na ceolchoirme, fáil agus costas ar na ticéid, cúrsaí taistil, cúrsaí bia 7rl. Tógaigí sonra(í) ar leith an duine le fiosrú. An sprioc leis an tasc seo ná go mbeadh oraibh bhur gcuid pleananna a roinnt leis an rang i bhur rogha formáide.

Oide

# Físeán den Chleachtas Ranga

Comhthéacs scoile:

- rang Gaeilge sa chéad bhliain
- ceantar uirbeach
- Dúglas, Cathair Chorcaí
- iar-bhunscoil do bhuachaillí amháin.



Scoil Phobail na Dúghlaise, Corcaigh.

Gné amháin a chuaigh i bhfeidhm orm.

Rud amháin atá ag teacht le mo chleachtas féin.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
Cuid 1
An tasc sa rang
DIRIGE NOS DOMINE
1974 - 2024
50 bliain ag fás
Scoil Phobail na Dúghlaise


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
Cuid 2
Léargais scoláirí
DIRIGE NOS DOMINE
1974 - 2024
50 bliain ag fás
Scoil Phobail na Dúghlaise

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cuid 3

## Léargais an mhúinteora

DIRIGE NOS DOMINE

1974 - 2024

50 bliain ag fás

Scoil Phobail na Dúghlaise

# An Difríocht idir Tasc agus Cleachtadh

Oide

Tréithe Tascanna:

- béim go príomha ar an mbrí chumarsáideach
- bearna eolais de shaghas éigin ann
- foghlaimeoirí ag tarraingt ar a gcuid acmhainní teangeolaíocha féin
- toradh cumarsáideach soiléir i gceist

Tréithe Cleachtaí:

- béim go príomha ar cheartúsáid na teanga
- níl aon bhearna eolais i gceist
- an téacs a mhúnlú agus í a úsáid i gcomhthéacs
- cruinneas i bpatrúin na teanga

(Ellis, 2003)

# Tréithe Taisc a Aithint

Treoracha don ghníomhaíocht

- I ngrúpaí de thriúr, léigí tasc amháin ar an bPadlet
- Pléigí cá bhfuil na tréithe taisc le feiceáil.




https://tinyurl.com/EFGT224

# Ceist Mhachnamhach

Conas a chuireann na **ceithre tréithe taisc** le heispéireas foghlama na scoláirí?

## Tréithe Taisc:

- béim go príomha ar an mbrí chumarsáideach
- bearna eolais de shaghas éigin ann
- foghlaimeoirí ag tarraingt ar a gcuid acmhainní teangeolaíocha féin
- toradh cumarsáideach soiléir i gceist

# Cad iad na Coinníollacha Ranga is Fearr d'Fhoghlaim Theanga?

- Gníomhach agus comhoibríoch
- Tacúil
- Dírithe ar riachtanais na scoláirí
- Diongbháilte/sprioc-dhírithe
- Leideanna amhairc in úsáid
- An fhoghlaim a scafláil
- Leagan amach seomra ranga solúbtha
- Ceiliúradh a dhéanamh ar rath
- Teicneolaíocht a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim

(Oxford, 1997; Printer, 2023)


Na gnéithe atá suntasach faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim sa tsonraíocht seo

Léaráid as: *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí* 2017, lch.20

Oide.ie

Oide

# Teanga an Ranga

Oide

"An aidhm a bhíonn le tasc teanga ná teanga a bhfuil cosúlacht dhíreach/indíreach aici le teanga an fhíorshaoil a úsáid.' (Ellis, 2003, lch.16)"

Cad a dhéanann sibh le Teanga an Ranga a fhorbairt?

"Is í an Ghaeilge teanga na foghlama agus na cumarsáide sa seomra ranga Gaeilge. Bainfidh an scoláire na torthaí foghlama amach ar bhealach gníomhach, aois-oiriúnach spreagthach.

(Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, lch 15, R.O., 2023)"

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Leideanna luachmhara

## chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an ranga



1 **Buntreoracha agus buncheisteanna coitianta ranga a mhúineadh agus a úsáid**

2 **Comhsheasmhacht & leanúnachas in úsáid na teanga**

3 **Tógáil chéimneach ar na nathanna agus frásaí; an nós a chothú an stór focal nuafhoghlamtha a úsáid**

4 **Deiseanna don athrá agus don daingniú ar an bhfoghlaim**

5 **Geáitsíocht agus rólghlacadh ar mhaithe le míniú chomh maith le cumarsáid**

6 **Acmhainní fisiúla/ilmhódacha: Griangrafanna, íomhánna, póstaeir, míreanna físe**

7 **Ábhar ábhartha: Taitneamh agus spéis**

8 **Cultúr na foghlama dearfaí: Moladh, aiseolas dírithe, cead dul sa seans, gan rócheartú**


9 **Réimse cur chuige éagsúil**

10 **Bíodh an teicneolaíocht mar thacaíocht**

CC BY NC


# Teanga na hIdirghníomhaíochta




Oide

# Teanga na hIdirghníomhaíochta




# Léargas ó Shaineolaithe Éireannacha
## Tréithe an Dea-fhoghlaimeora Teanga





Dr Karen Ní Chlochasaigh,
Coláiste Mhuire Gan Smál

Dr Muiris Ó Laoire,
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan




(Ó Laoire & Ní Chlochasaigh, 2010 & Rubin, 1975)

# Léargas ó Scoláirí - Tairbhe na FTB

Oide



Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh.



Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile, Luimneach.

- Ag obair i mbeirteanna/grúpaí
- Taitneamh
- Fiúntas a bheith ag obair le comhscoláirí

- Ag obair le cairde
- Gníomhach
- Ag foghlaim go nádúrtha
- Saoirse

# Deis Mhachnaimh

Oide

| 01 | 02 | 03 | 04 |
|---|---|---|---|
| Cérbh í an ghníomhaíocht ina raibh mé páirteach agus cérbh iad na smaointe tosaigh a rith liom le linn an eispéiris seo? | Conas a rachaidh na gnéithe seo i bhfeidhm ar mo chuid teagaisc agus ar fhoghlaim na scoláirí? | Cad iad na léargais nua atá foghlamtha agam? | Cad iad na bearta a dhéanfaidh mé agus cad iad na straitéisí a chuirfidh mé i bhfeidhm i mo chuid teagaisc amach anseo? |
| Taithí Bhunaithe | Breathnóireacht Mhachnamhach | Smaointeoireacht Theibí | Foghlaim Ghníomhach |

(Curtha in oiriúint ó *Model of Experiential Learning.* Kolb, 1984)

# Súil Siar

Oide

I seisiúin a haon, bhíomar ag foghlaim:

- faoin bhFoghlaim Thascbhunaithe agus na tréithe a bhaineann léi chun scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn
- faoi na coinníollacha ranga atá ag teastáil don fhoghlaim teanga.